# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2009**

# EALAÍN

## Gréaschóiriú

## Ardleibhéal

Tá 100 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo, i.e. 25% de na marcanna iomlána ar an Ealaín

**Déardaoin, 7 Bealtaine** **Maidin 9.30 – 12.00**

Tá an páipéar seo le tabhairt d'iarrthóirí **Dé Máirt, 28 Aibreán**

**Treoracha**

- Tá cead agat do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin (níl ach **bileog amháin** ceadaithe) a thabhairt isteach go dtí an scrúdú mar chúnamh duit i bpróiseas forbartha do dhearaidh. Ní mór do do mhúinteoir ealaíne nó don phríomhoide an bhileog seo a shíniú agus dáta a chur léi **sula dtosaíonn** an scrúdú á dheimhniú gurb é do chuid oibre féin gan chúnamh atá ann.
- **Níl cead** agat **áiseanna amhairc** ar bith sa bhreis air seo (e.g. fótagraif, íomhánna rianaithe ná obair ealaíne atá réidh le húsáid) a thabhairt isteach sa scrúdú d'fhonn iad a chóipeáil nó a úsáid i do mholadh dearaidh deireanach.
- Ní cheadaítear ábhair mheatacha orgánacha a úsáid.
- Tá cead agat cibé meáin agus uirlisí ealaíne atá oiriúnach a úsáid chun riachtanais an scrúdaithe a chomhlíonadh, e.g. pinn luaidhe, péint, páipéir dhaite, cárta, páipéar rianaithe, ábhair do cholláis nó do mheáin mheasctha, rialóir, T-bhacart, scian, siosúr, gliú, etc.
- Scríobh do scrúduimhir agus an leibhéal ar gach bileog.
- Scríobh uimhir na ceiste atá roghnaithe agat agus an teideal a ghabhann léi ar gach bileog.

**Céim 1: Bileog de Sceitsí Ullmhúcháin (TAIGHDE)** **(0 marc)**

Do chuid **taighde** is cóir a bheith ar do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin agus ba chóir iad a dhéanamh le linn na seachtaine roimh an scrúdú. Is é is cóir a bheith ann ná rogha de léirthuiscintí pearsanta agus de smaointe a ndearna tú taighde orthu, i meán oiriúnach ar bith, agus a bhaineann leis an gceist a roghnaigh tú. Is féidir nótaí a chur leis an obair. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin de do bhileog A2. Má roghnaíonn tú colláis, nó íomhánna a gearradh amach chomh maith le líníocht le peann, le peann luaidhe, le péint nó le meán oiriúnach ar bith eile, ní mór gach obair dá leithéid **a ghreamú go cothrom** ar do bhileog A2 de sceitsí ullmhúcháin.

**Céim 2: Bileog Réamhsceitsí (FORBAIRT)** **(20 marc)**

Cuireann tú do bhileog A2 de réamhsceitsí i gcrích le linn an scrúdaithe. Bileog **forbartha** atá anseo inar chóir duit na smaointe atá agat ar do bhileog de sceitsí ullmhúcháin **a iniúchadh**. Ba chóir go mbreithneofá gach gné den dearadh 2T nó 3T de réir mar a oireann siad don cheist atá roghnaithe agat agus fianaise a bheith ann ar fhorbairt shuntasach bhreise ar na smaointe seo. Tá cead agat sceitsí a bhfuil nótaí leo a úsáid chun forbairt do chuid smaointe a léiriú. Ní mór duit do chuid oibre a dhéanamh go glan díreach ar an mbileog A2 agus gan ach sceitsí amháin a úsáid, agus iad daite más mian leat. Caillfear marcanna más cóip dhíreach ón mbileog de sceitsí ullmhúcháin a dhéanann tú. Ná bíodh do chuid oibre ach ar thaobh amháin den bhileog A2.

**Céim 3: Moladh Dearaidh Deireanach** **(80 marc)**

Is le linn an scrúdaithe a chuirtear do mholadh dearaidh deireanach i gcrích. Ba chóir duit eolas ar bith a mheasann tú a bheith riachtanach chun do mholadh dearaidh deireanach a chur in iúl, a chur san áireamh agus tagairt ar leith a dhéanamh do ghnéithe amhairc, feidhmiúla agus ábhartha na ceirde a roghnaigh tú, seachas d’aird a dhíriú go hiomlán ar shaothar ealaíne a chur ar fáil a mbeadh bailchríoch den scoth air.

***Ag deireadh an scrúdaithe tabharfar clúdach bán duit a mbeidh ort iad seo a leanas a chur ann:***

- Do **Bhileog** A2 de **Sceitsí Ullmhúcháin**
- Do **Bhileog** A2 de **Réamhsceitsí**
- Do **Mholadh Dearaidh Deireanach**.

## Sleachta Tuairisciúla

### Sliocht A

Áit nár athraigh le himeacht aimsire, sin an saghas áite a bhí ann – gráig bheag ar imeall sráidbhaile agus bóithre fada casta cnocacha á nascadh leis an gcathair féin, bóithre ar fhás sráidbhailte eile feadh na slí orthu; sráidbhailte a gabhadh agus a slogadh le linn na haoise roimhe sin san fhorbairt gan staonadh a tharla in imeacht na mblianta, agus sa chathair a bhí ag leathnú amach. Ach an ghráig bheag againne, ar theorainn cathrach, sheas sí an fód in aghaidh gach saghas plámáis de chuid an fhorbróra agus cé nár mhór a hachar, bhí sí ann i gcónaí agus bródúil as – bailiúchán beag de thithe ina sraoillín ar feadh lána a bhí roinnte ina dhá chuid ar chúis aisteach éigin le balla íseal cloiche a bhí ag síneadh ar feadh leath a fhaid; bhí bealach isteach go dtí na tithe ar thaobh amháin den bhalla, agus ar an taobh eile bealach isteach san áit nach dtugtaí air ach 'an Gleann'.

Is é cuma a bhí air gur botún a rinne lucht pleanála san am a chuaigh thart, ionas go raibh dhá lána againn in ionad aon cheann amháin, gan de chraiceann ar cheachtar acu ach an chloch agus an chré a chuir an dúlra féin ar fáil. Dá ndéanfá neamhshuim de theach scoite Mhic Uí Bhuacháin, gníomhaire árachais, teach a bhí ina sheasamh leis féin i mbéal an Ghleanna, ní raibh ach sé cinn de thithe ann, siopa a bhíodh ar oscailt ó am go ham ba ea ceann amháin acu, ceann eile a deirtí a bhíodh ina sheanmhainistir tráth – teach trí stór, binn ard uirthi, na seomraí éagsúla agus na staighrí go streachlánach ar fud an tí, amhail is gur amach as brionglóid ag ailtire buile a tháinig sé.

An teach againne, uimhir a cúig, bhí méid mheasartha ann, teach dhá stór …Bhí trí sheomra codlata ann, tinteán in dhá cheann díobh, an seomra ba lú díobh gan tinteán ar bith. Is é an chóiríocht a bhí ann thíos staighre ná bhí seomra mór ina raibh cócaireán ársa *Black Prince*, a bhí nasctha le córas gáis na cathrach, seandoirteal i gcúinne eile agus sconna amháin d'uisce fuar, agus sorn dubh ar a mbíodh bogfhiuchadh á bhaint as corcán mór leitean ar feadh cúpla uair an chloig gach oíche gheimhridh sula ndéanfaí a atéamh le haghaidh bricfeasta an mhaidin dár gcionn. Ach sula ndéantaí cócaireacht ar an leite, agus ina dhiaidh sin arís, chuirtí citeal mór iarainn in áit an chorcáin ionas go mbíodh fáil ar uisce te an t-am ar fad, geall leis …

D'úsáidtí an parlús, nó 'an seomra' mar a thugaimis air, le haghaidh laethanta ar leith, laethanta féile agus cuairteoirí, agus i measc an troscáin a bhí ann, bhí cornchlár an-mhór agus scáthán air, foireann troscáin trí phíosa nárbh eol cathain a rinneadh é agus nach raibh ró-chompordach, bord mór chun ite mar aon leis na cathaoireacha ornáideacha troma a bhí ag dul leis, sean-ghrianghraf de thuismitheoirí mo mháthar agus prionta den phictiúr cáiliúil le Richard Jack *'The Toast'.* Níor thaitin an prionta seo rómhór liom – samhlaíodh dom gur bheag an bhaint a bhí aige leis an saghas saoil a chaithimis – agus ba mhó go mór an taitneamh a thug mé do dhá phrionta eile sa halla, a léirigh Arabaigh dhathannacha i mbasáir sa Mheán-Oirthear, le túir agus le miontúir sa chúlra!

Sa ghairdín beag tosaigh, bhí roinnt rósanna dreapadóireachta a shaothraigh m'athair, hiodrainsia a rinne iarracht an lámh uachtair a fháil ar an bpaiste iomlán ina dhiaidh sin, agus roinnt 'Cabáiste an Mhadra rua', iad leochaileach álainn, mar aon le tor cuiríní ó Cheanada a raibh a chúinne féin aige ar feadh na mblianta agus a mbíodh steall gheal bhándearg geal air gach earrach. Murach gur ann a bhí an leithreas amuigh – an t-aon leithreas a bhí againn – mar aon le seid bheag, ní raibh ní ar bith suaithinseach ag baint leis an ngairdín cúil, ach an balla ard ar an taobh ó dheas, sean-uchtbhalla de shimléar a thug le fios go soiléir gur cuid de theach nó de theachín é a bhí leagtha le fada. Chabhraigh sé seo chun a chur abhaile orm gur tógadh an chomharsanacht go léir an t-am a thógtaí tithe i mullach a chéile, gan aon aird puinn ar chúrsaí spáis.

Sliocht as *The Life of Other Days* le Tim Cramer.

**Sliocht B**

Idir an dá linn ní raibh faic le déanamh ach leanúint ar aghaidh leis an ullmhúchán. Bhí dath gorm agus dath dearg curtha suas ar na gluaisrothair faoi seach; ceann díobh agus stríocaí séabra air agus spotaí liopaird ar an gceann eile chun iad a idirdhealú ó chéile. Bhí gardaí umair agus gardaí solais feistithe againn; plátaí cosanta miotail os cionn chásáil an innill. Bhí na hOhlins a measadh a bheith níos láidre curtha in áit bhunchrochadh BMW againn chomh maith. Bhí cannaí Akrapovic curtha againn in áit na bpíobán sceite atá níos troime. Ní amháin go raibh na cannaí seo i bhfad Éireann níos éadroime ach chuir siad thart ar a cheathair nó a cúig each-chumhacht leis na gluaisrothair, geall leis. Chomh maith leis sin, bhí an saghas nóta drannaigh uathu a bhí uaim a chloisteáil nuair a scáintí an scóig…

An cúrsa a bhí beartaithe againn, bhí sé díreach oibrithe amach go cruinn againn freisin. Ghluaisfimis ó dheas tríd an mBreatain agus tríd an bhFrainc chomh fada le rinn na hIodáile agus trasna chun na Sicile sula dtógfaimis an bád go dtí an Túinéis. A thúisce a bheimis san Afraic ghluaisfimis le hais an chósta chomh fada leis an Libia, an Éigipt agus an tSúdáin.

Ar shlí, chuir Uganda an Bhreatain i gcuimhne dom. Bhí dath glas ar gach ní ar gach taobh. Bhí cnoic dhroimneacha agus móiníní bána, agus crainn nach raibh cuma Afracach orthu ar chuma éigin. Ba bheag nár bhuail cumha mé. Bhí an mhuintir ar theorainn na tíre fíorchairdiúil, agus iad á chur de thrioblóid orthu féin a ndea-ghuí a chur linn don bhóthar a bhí romhainn. B'iontach an fháilte é. Bhraitheamar gur glacadh leis an saol go réidh agus sinn sa tír seo agus gur thír chneasta í. Bhíomar ag gluaiseacht romhainn go héadrom ar an tarramhacadam agus ag baint taitnimh as an turas.

Stopamar ag teach sórtála caife. Ba le comharchumann de bhreis agus trí mhíle feirmeoir é agus bhí siad ag soláthar pónairí orgánacha do Cafedirect. Is breá liom caife, agus bhí sé ar cheann de na pléisiúir bheaga nach raibh coinne agam leo ar an turas seo. San Aetóip, meiltear na pónairí, ansin déantar iad a fhiuchadh ar dhóire gualaigh, fad is a bhíonn sé á thanú de réir a chéile. Ansin doirtear é agus líontar ar ais arís agus arís eile é. Faoin am a ndáiltear dubh é agus gráinnín siúcra air, bíonn blas fíorshaibhir air.

Ag an teach sórtála caife, cuireadh an fháilte chroíúil ghrámhar chéanna romhainn a cuireadh romhainn go dtí sin i ngach áit ar an turas seo. Bhí éadaí agus scaifeanna cloiginn geala á gcaitheamh ag na mná, flannbhuí agus corcra, glasbhuí ar nós an líoma …. An mhaidin ina dhiaidh sin bhíomar ar an mbóthar go Kampala… Bhíomar le dul ag raftáil ar an Níl Bhán, réimse uisce a áirítear ar cheann de na ceithre réimse is fearr ar domhan mar gheall ar fheabhas na bhfánsruth inti. Déantar na fánsruthanna a ghrádú – is é an ceann is airde a gceadaítear don ghnáthdhuine dul amach air ná grád a cúig. An grád ab ísle a d'fheicfimis inniu ná grád a trí. Ba chóir go mbeadh lá spéisiúil againn.

Agus mé éidithe i seaicéad tarrthála agus i gclogad bándearg a bhí feistithe orm go teann, bhraitheas ar nós cipín solais. Ní raibh le déanamh ach mé a iompú béal faoi agus dhéanfaí bladhm díom.

Bád rubair a bhí ann, ar ndóigh, agus ghlacamar ár n-ionad feadh thaobhanna an bháid agus ár dtreoraí abhann ar chúl chun é a stiúradh. Bhí sé cloiste agam nach raibh ach riail amháin ann agus duine ag raftáil ar uisce bán; 'Céaslaigh nó is é an bás atá i ndán'…

Sliocht as *Long Way Down* le Ewan McGregor agus Charley Boorman.

**Sliocht C**

Saolaíodh Andrew O'Connor sa bhliain 1943 ar Shráid Bleecker i Sráidbhaile Greenwich i Nua-Eabhrac. Chríochnaigh sé a chuid iarbhunoideachais ansin, d'éirigh as Ollscoil Cholumbia tar éis bliana agus chuaigh sé ag obair lena athair a bhí tar éis teacht chun cónaithe i mBaile Átha Cliath agus gnó a bhunú ann mar dhíoltóir agus mar athchóiritheoir pictiúr. Nuair a thuig Andrew gur thaitin sé leis a bheith ag deisiú péinte, chuaigh sé go dtí an Róimh agus chláraigh san Instituto Centrale del Restauro, bhain amach a dhintiúir agus d'fhill ar Bhaile Átha Cliath mar a bhfuair sé post sa Ghailearaí Náisiúnta. Nuair a tugadh cuid pictiúir mhuintir Beit ar ais tar éis tréimhse a mbraighdeanais i gCorcaigh, cuireadh mar chúram ar O'Connor iad a scrúdú.

Maidin Bhealtaine sa bhliain 1974 chaith O'Connor a lionsa formhéadaithe thar an Vermeer agus thosaigh sé ar an dromchla a iniúchadh. Bhí cuma ábhairín garbh air…

Dhein O'Connor an chéad tástáil ghlantacháin ar an Vermeer, táithín cadáis á smearadh aige i dtuaslagán aicéatóin agus é á chuimilt go héadrom leis an dromchla. Ciumhais den phictiúr a roghnaigh sé, áit a gceilfí a thurgnamh ar ball leis an bhfráma. Meascán d'aicéatón, d'alcól agus d'uisce a bhí sa tuaslagán. Leáigh brat na vearnaise brisce, agus ghealaigh an phéint láithreach. Bhog O'Connor sall go dtí an taobh clé, an cuirtín dorchaithe á smearadh aige. Nuair a baineadh an vearnais de, tháinig beocht lonrach sa dath bán. Agus muinín aige as a mhodh oibre, dúirt Ó O'Connor le stiúrthóir an ghailearaí go gcaithfí an pictiúr a ghlanadh go hiomlán agus mhínigh sé an chaoi ar mhaith leis dul ar aghaidh leis an ngnó.

Ceann de chéadphrionsabail an athchóirithe ná gan aon ní a dhéanamh am ar bith nach féidir a chealú ina dhiaidh sin. Is é an fáth atá leis seo ná chun nach ndéanfaí buanathrú ar struchtúr péinteáilte saothair de réir breithiúnas a d'fhéadfadh lucht léinn a aisiompú amach anseo. Ach ní péint í an vearnais. Is furasta í a chur ar ais nuair a bhaintear í… Bhraith O'Connor nach gcuirfí isteach ar phéint Vermeer san ionsaí a bhí á dhéanamh aige ar an mbrat vearnaise; earra crua í olaphéint atá ag triomú le trí chéad bliain …B'fhiú $150,000 an orlach cearnach an Vermeer seo … Glacann sé dianmhachnamh tréan nuair a bhíonn pictiúr á athchóiriú. Ní oibreodh O'Connor ar phictiúr ar feadh níos mó ná dhá uair an chloig sa lá, de ghnáth; d'oibríodh sé ar phictiúir eile a thabharfadh sos dó, ansin d'fhilleadh sé agus bhíodh sé ag glanadh arís, fuinneamh athuair ann de bharr an tsosa. Ach bhí sé tógtha go hiomlán leis an Vermeer, agus lean sé air ag obair ar a sheacht ndícheall i rith na maidin go léir an Mháirt sin agus amach sa tráthnóna…

Buailte amach de bharr an dianmhachnaimh, bhí O'Connor ar tí éirí as an obair nuair a díríodh a aird ar áit i dtulra an phictiúir … Áit ab ea í a raibh mionleasú déanta ar an bpéint inti…Is é is forphéint ann ná péint a chuireann duine ar phictiúr leis an mbunsaothar a athrú. Nuair a dúirt sé gur le déanaí a rinneadh é, ba é a bhí i gceist ag O'Connor ná sna céad bliain roimhe sin a cuireadh an phéint air – dhá chéad bliain ar a laghad tar éis do Vermeer an pictiúr a chur i gcrích… Ón uair a dhírigh sé a aird go hiomlán ar an dath dearg, ba ghearr go raibh an fhorphéint bainte. Tháinig cruth siméadrach ar an spota dearg go dtí go raibh sé le feiceáil go soiléir: paiste beag de dhath chorcairdhearg ag lonradh ar na tíleanna i seomra Vermeer - íomhá a bhí ann de shéala dearg céarach …

I sochaí na hOllainne sa seachtú haois déag, b'earra luachmhar an páipéar agus ba rud tábhachtach í litir. Gur fágadh an ceann seo ina luí cnagtha agus caite ar an talamh, ba leide é seo go rabhthas faoi dheifir. An séala a bhí scaipthe ar an urlár in aice láimhe, chuir sé leis an mothú sa phictiúr. Stróic an bhean a bhí ina suí an litir agus í á hoscailt go neamhchúramach sa tslí gur bogadh an chéir agus gur cuireadh an séala ag scimeáil ar na tíleanna.

Sliocht as *The Irish Game* le Matthew Hart.

- **Roghnaigh ceann amháin de na roghanna dearaidh atá liostaithe thíos.**
- **Ní mór nasc díreach a dhéanamh idir do dhearadh agus an sliocht tuairisciúil atá i gceist, agus a bhrí agus a chiall a léiriú.**

**1. Litreoireacht agus Peannaireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Clúdach biachláir do chaife a bhfuil 'An Parlús' mar ainm air. Bíodh na samhlaoidí i Sliocht A mar ábhar spreagtha le do chuid smaointe.

(b) Póstaer ag fógairt laethanta saoire eachtraíochta. Bíodh Sliocht B mar ábhar spreagtha le do chuid smaointe.

(c) Ábhar na litreach a luaitear i Sliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir le clóghrafaíocht, spásáil agus leagan amach do rogha agus maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Tá cead agat íomhánna, móitífeanna ornáideacha, focail thromchiallacha agus litreoireacht a bheith ann. Litreoireacht phearsanaithe lámhdhéanta is fearr.

## 2. Líonóilghearradh agus Priontáil

Cruthaigh dearadh do phrionta líonóile do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Léaráid bunaithe ar cheann ar bith de na foirgnimh a bhfuil cur síos orthu i Sliocht A.

(b) Léaráid bunaithe ar na hinnill nó na gluaisrothair a bhfuil cur síos orthu i Sliocht B.

(c) Léaráid do chlúdach ar bheathaisnéis an phríomhcharachtair i Sliocht C.

Ba chóir go léireodh do dhearadh tuiscint chuimsitheach ar airíonna an lionóilghearrtha agus na priontála, a gcuid féidearthachtaí agus a gcuid srianta. Ba chóir duit dearadh a dhéanamh do phrionta ar aon dath amháin **nó** do phrionta a bhfuil dhá dhath ar a laghad ann. Ba chóir go léireodh do dhearadh críochaithe eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh, dathdhealuithe (más cuí) san áireamh agus na saghsanna éagsúla gearrthacha atá le húsáid.

## 3. Fabraicphriontáil

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Athphatrún leath-thite d'éadach boird le húsáid sa pharlús i Sliocht A. Ba chóir go gcuirfeadh do dhearadh atmaisféar an tseomra in iúl.

(b) Athphatrún le haghaidh fheisteas na mban a luaitear i Sliocht B.

(c) Taipéis bhalla bunaithe ar shamhlaoidí ó cheann ar bith de na sleachta tuairisciúla.

Ba chóir go mbeadh do dhearadh oiriúnach do bhaitíc, do bhlocphriontáil, do scáthlánphriontáil nó do stionsailphriontáil ar fhabraic nó ar ábhar oiriúnach ar bith eile. Ba chóir duit trí dhath ar a laghad a úsáid agus féidearthachtaí dearaidh na forphriontála a chur san áireamh. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

## 4. Bróidnéireacht

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Painéal bróidnithe bunaithe ar shamhlaoidí agus ar dhathanna an ghairdín i Sliocht A.

(b) Móitíf nó dearadh maisiúil le caitheamh ar chasóga na ngluaisrothaithe i Sliocht B.

(c) Dealbhóireacht bhog thríthoiseach bunaithe ar cheann ar bith de na sleachta tuairisciúla. Ní foláir nasc cinnte a bheith idir do dhearadh agus an sliocht atá roghnaithe agat.

Is féidir leat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis an gcaoi a dtáirgfear do dhearadh. Bíodh eolas san áireamh agat maidir le do rogha ábhar, greamanna, maisiú coirníneach agus na teicníochtaí atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

## 5. Fíodóireacht

Cruthaigh dearadh a bheadh oiriúnach do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Déan teicstíl fhite a bheadh oiriúnach do chumhdach na gcathaoireacha sa pharlús i Sliocht A.

(b) Déan taipéis bhalla a dhearadh bunaithe ar ghluaiseacht agus ar dhathanna na raftála ar uisce bán a thugtar le tuiscint i Sliocht B.

Ba chóir go gcuirfeadh do dhearadh na féidearthachtaí dearaidh a bhaineann le dathanna agus le huigeacht san áireamh agus go dtabharfaí eolas faoin bhfí agus faoi na hábhair atá le húsáid. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus go dtabharfá eolas cuí faoin gcaoi a dtáirgfear do dhearadh.

6. **Criadóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Babhla leitean nó citeal a ghabhann le meon agus le hatmaisféar Shliocht A.

(b) Árthach úsáideach chun na pónairí caife i sliocht B a choimeád ann. Is féidir dearadh traidisiúnta nó dearadh comhaimseartha a chur ar an árthach.

(c) Árthach stórála le haghaidh ábhar ealaíne a mbeadh fáil orthu i stiúideo an athchóiritheora ealaíne i Sliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir go dtaispeánfá toisí agus go dtabharfá eolas cuí faoi na teicníochtaí atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích. Tabhair sonraí faoi na glónraí agus faoin maisiúchán atá le húsáid.

7. **Puipéadacht**

Bunaithe ar a bhfuil léite agat sna sleachta tuairisciúla, dear puipéad gléasta do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Mac Uí Bhuacháin, an Gníomhaire Árachais – Sliocht A.

(b) An Gluaisrothaí **nó** na Sórtálaithe Caife – Sliocht B.

(c) An tAthchóiritheoir Ealaíne – Sliocht C.

Is féidir an dearadh a dhéanamh do phuipéad lámhainne, do phuipéad slaite nó do phuipéad téide. Tá cead agat oibriú de réir scála agus ba chóir duit toisí a thaispeáint. Léirigh an chaoi a gcuirfear an puipéad le chéile agus an chaoi a bhfeidhmeoidh sé. Tabhair sonraí maidir le hábhair atá le húsáid agus maidir leis na teicníochtaí maisiúcháin atá le húsáid chun do dhearadh a chur i gcrích.

8. **Leabharcheardaíocht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Cás cumhdaigh chun íomhánna na ngabháltas sa sráidbhaile a bhfuil cur síos air a thaispeáint – Sliocht A.

(b) Fillteán bosca chun cuimhneacháin an turais a bhfuil cur síos air i Sliocht B a choimeád.

(c) Fillteán doiciméad chun nótaí oibre an athchóiritheora a choimeád – Sliocht C.

Tá cead agat oibriú de réir scála. Ba chóir go dtaispeánfadh an dearadh atá curtha i gcrích agat toisí agus sonraí maidir leis na hábhair, na ceangail/na snaidhmeanna/an fearas dúnta, na samhlaoidí / an maisiúchán agus / nó an litreoireacht atá oiriúnach don rogha atá déanta agat.

**9. Dearadh Fógraíochta**

Bunaithe ar a bhfuil léite agat sna sleachta tuairisciúla, déan dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Forchlúdach leabhair do leabhar dar teideal 'Gairdíní Tuaithe'. Bíodh sé bunaithe ar Shliocht A.

(b) Dearadh do chlár mór fógraíochta ag fógairt na turasóireachta in Uganda. Bíodh sé bunaithe ar Shliocht B.

(c) Sainchomhartha grafach (lógó) d'Andrew O'Connor, an tAthchóiritheoir Ealaíne. Ba chóir duit é a thaispeáint agus é in úsáid mar cheann litreach agus mar chárta gnó – Sliocht C.

Ba chóir go dtaispeánfadh an dearadh atá curtha i gcrích agat toisí agus go dtabharfadh sé eolas cuí maidir leis an gcaoi a dtáirgfear é.

**10. Múnlóireacht agus Snoíodóireacht**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Próca mór bláthanna nó bosca fuinneoige le húsáid sa ghairdín a bhfuil cur síos air i Sliocht A.

(b) Dealbhóireacht thríthoiseach saorsheasaimh bunaithe ar shamhlaoidí na ngluaisrothar i Sliocht B.

(c) Painéal rilífe a bheidh suite ar an mbealach isteach go dtí an Gailearaí Náisiúnta nó an Institiúid um Athchóiriú sa Róimh – Sliocht C.

Tá cead agat dearadh a dhéanamh don mhúnlóireacht, don tsnoíodóireacht nó do theicníocht tógála chuí ar bith. Ba chóir duit oibriú de réir scála, toisí a thaispeáint agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus na teicníochtaí a úsáidfear chun do dhearadh a chur i gcrích.

**11. Seiteanna Stáitse**

Cruthaigh dearadh do cheann amháin díobh seo a leanas:

(a) Seit scannáin do radharc i scannán uafáis bunaithe ar an teach 'a deirtí a bhíodh ina sheanmhainistir tráth … amhail is gur amach as brionglóid ag ailtire buile a tháinig sé', i Sliocht A.

(b) Seit stáitse le haghaidh dráma suite san Afraic. Bíodh do chuid smaointe bunaithe ar Shliocht B.

(c) Seit stiúideo le haghaidh seó ealaíne ar an teilifís. Déan cinneadh cé acu clár praiticiúil ina ndéanfar saothair ealaíne nó sraith ar stair na healaíne a bheidh ann.

Ba chóir duit oibriú de réir scála agus toisí a thaispeáint, agus eolas cuí a thabhairt maidir leis na hábhair agus maidir leis an gcaoi a dtógfar do dhearadh.